Topaic: An scoil

Fothopaic: Obair bhaile

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Lára Ní Riain ag labhairt faoin obair bhaile a bhíonn ag na naíonáin bheaga a mhúineann sí.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Réamhobair agus stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht le Lára Ní Riain ag caint faoin obair bhaile a thugann sí do na naíonáin bheaga a mhúineann sí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Spreag plé beag ar obair bhaile chun tuairim a fháil den mhéid atá ar eolas acu cheana féin.
- Scaip an bileog 'Obair bhaile: Stór Focal' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair chun na colúin a mheaitseáil. Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh said réidh agus cuir focail bhreise ar fáil, de réir mar is gá.

Tasc samplach 2: Stór focal 2

Scaip an bhileog 'Obair bhaile: stór focal 2' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair ar an tasc. Tá sé tábhachtach go mbeidís ag plé agus an tasc ar bun acu – deis atá ann na focail nua a chleachtadh i gcomhthéacs – níl an bhéim ar an scríobh.

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí. Eagraigh an plé ar na dúshláin a bhaineann leis an obair bhaile trí Ghaeilge agus ansin cothaigh plé ranga faoin topaic.

Tasc samplach 3: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Obair bhaile: Éisteacht'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair ar Thasc A sula seinntear an mhír.

Ansin seinn an mhír físe agus cuir ag obair ar an dá thasc tuisceana iad. Tá sé tábhachtach nach mbeidís ag iarraidh gach focal a thuiscint – spreag iad le díriú ar éirim na míre seachas ar na focail.

Mínigh dóibh conas na frásaí i dTasc D a úsáid i gceart agus cuir ag obair ag cumadh abairtí iad. Bí cinnte go mbeidh na habairtí úsáideach dóibh i.e. 'B'fhiú duit na léinte scoile a cheannach in *Dunnes* – tá siad saor' / 'An fiú dom dul go dtí an pháirc spraoi inniu? – níl agam ach leathuair an chloig' / 'Ní fiú dul go dtí an scannán sin leis na leanaí óga – tá sé saghas scanrúil' etc.

Sa tasc foghraíochta, cuir an bhéim ar an difear foghraíochta a aithint agus a rá – go mór mór sna cinn a chothaíonn deacrachtaí i.e. Sathairn / Satharn…

Tasc samplach 4: Cé hí mise?

Scaip an bhileog 'Cé hí mise?' agus cuir na foghlaimeoirí ag léamh na dtéacsanna éagsúla. Ansin cuir ag plé iad cén tuismitheoir is cosúla leo féin. Déan iarracht ansin plé ranga a chothú maidir le tuairimí éagsúla faoi obair bhaile.

Ansin cuir ag obair iad ar abairtí a chumadh iad féin. Tabhair deis dóibh a gcuid abairtí a roinnt le daoine eile.

Tasc samplach 5: Plé

Ní móide go mbeidh am sa rang na tascanna ar fad ar an mbileog 'Obair bhaile – Plé' a dhéanamh – is féidir cibé tasc atá oiriúnach a ghearradh amach, más gá, agus na cinn eile a fhágáil ar lár (nó eile is féidir díreach treoracha maidir leis na tascanna a thabhairt, gan aon bhileog a scaipeadh).

Obair Bhaile: Stór Focal 1

Conas a chuirfeá Gaeilge ar an méid atá sa bhosca thíos?



Déan iarracht na colúin thíos a mheaitseáil. An bhfuil focail eile a bhaineann le hobair bhaile ar eolas agat?

1. Litriú	a) Writing / penmanship
2. Táblaí	b) A report
3. Peannaireacht	c) Creative writing
4. Léitheoireacht	d) Division
5. Scríbhneoireacht chruthaitheach	e) Multiplication
6. Tuairisc	f) Tables
7. Roinnt	g) A diary / journal
8. Suimiú	h) Subtraction
9. Méadú	i) Adding
10. Dialann	j) Reading
11. Dealú	k) Spelling

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Focail bhreise:

Obair Bhaile: Stór Focal 2

Cén cineál obair bhaile a bhíonn ag na ranganna éagsúla sa scoil? Bunaithe ar na focail ar fad atá foghlamtha agat faoi obair bhaile déan iarracht an tábla seo thíos a líonadh. Faigh cabhair ó do pháirtí.

Ranganna	**Obair Bhaile**
Na naíonáin	
Ranganna 1-3	
Ranganna 4-6	

Plé: An mbíonn sé deacair cabhrú leis an obair bhaile nuair atá do pháiste i scoil lán-Ghaeilge?

Obair Bhaile: Éisteacht

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil Lára Ní Riain ag caint mar gheall ar an obair bhaile a fhaigheann na naíonáin bheaga a mhúineann sí.

A: Sula bhféachann tú ar an bhfíseán, pléigh le do pháirtí:

Cad a cheapann sibh a bheidh le rá ag Lára? Cén cineál obair bhaile a fhaigheann na naíonáin bheaga, dar libh? Déanaigí liosta.

B: Anois féach ar an bhfíseán. Cé mhéad a thuig tú? Ceangail an obair bhaile leis an lá cheart.

Dé Luain	Mata
Dé Máirt	Obair pheannaireachta
Dé Céadaoin	Leabhar léitheoireachta
Déardaoin	Leabhar fuaime

C: Anois féach ar an bhfíseán arís agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach.

	Fíor	**Bréagach**
Tosaíonn obair bhaile na naíonán i mí Mheán Fómhair.		
Faigheann na naíonáin obair bhaile 3 lá sa tseachtain.		
Molann Lára gan níos mó ná 20 nóiméad a chaitheamh ar an obair bhaile.		
Ní dhéanann siad suimiú sna naíonáin bheaga.		

D: Stór focal

'…má thógann sé níos mó ná sin, ní fiú é…'

Cuir na frásaí seo in abairtí:

Ní fiú é
B'fhiú duit
An fiú…?

E: Foghraíocht

Abair féin agus do pháirtí na frásaí seo os ard. Bígí cúramach – cuir líne faoi aon athruithe fuaime!

Dé Luain	ar an Luan
Dé Máirt	ar an Mháirt
Dé Céadaoin	ar an gCéadaoin
Déardaoin	ar an Déardaoin
Dé hAoine	ar an Aoine
Dé Sathairn	ar an Satharn
Dé Domhnaigh	ar an Domhnach

Cé hí Mise?

A. Cé acu duine de na tuismitheoirí thíos is cosúla leatsa? Léigh an téacs agus pléigh le do ghrúpa.



Sinéad: Níl suim dá laghad agam san obair bhaile. Is annamh a fheicim cad a bhíonn ar súl ag na páistí – síním an dialann nuair is gá agus scaoilim leo. Má tá fadhb acu, déarfaidh an múinteoir liom é.



Aoife: Is breá liom cabhrú leis na páistí leis an obair bhaile. Tá an-suim agam san obair atá ar siúl acu ar scoil agus suím síos leo gach lá chun cabhrú leo agus féachaint ar an méid atá á foghlaim acu.

Áine: Déanaim mo dhícheall cabhrú leis an obair bhaile ach ní i gcónaí a fhaighim an deis. Ligim dóibh an méid is féidir leo a dhéanamh iad féin agus má tá deacrachtaí acu, déanaim iarracht cabhrú leo.

B. Anois scríobh cúpla abairt mar gheall ort féin!

Obair Bhaile – Plé



Cuid A: Plé

- Pléigh an pictiúr thuas le do pháirtí. Cad é an teachtaireacht atá ann?
- An dtugann tusa a lán cabhrach do do pháistí le hobair bhaile?
- Cad é an t-ábhar is deacra duitse maidir le cabhair a thabhairt?
- Cad é an t-ábhar is éasca duitse maidir le cabhair a thabhairt?
- Cén tábhacht atá le hobair bhaile, dar leat?

Cuid B: Tasc

Cuir an obair bhaile seo a leanas in ord tábhachta. Ansin pléigh na cúiseanna le do chuid freagraí!

	Uimhir
Litriú	
Táblaí	
Peannaireacht	
Scríbhneoireacht chruthaitheach	
Léitheoireacht	

Cuid C: Obair ghrúpa

Iarradh ort féin agus ar do ghrúpa páirt a ghlacadh i bpainéal plé ar chlár raidió áitiúil. Seo an topaic atá le plé: 'Níor cheart go mbeadh aon obair bhaile ann sa bhunscoil'. Caithfidh sibh cúpla pointe a ullmhú ag aontú agus ag easaontú leis seo.